*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtithe eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Gábor Darvas (Búdaipeist, An Ungáir), Dorina Pap (Kiskunhalas, An Ungáir)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóirí an trádmhairc faoi cheist:* Páirtithe eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar thrádmharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh LAAVA – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 209 861

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 20 Bealtaine 2022 i gCás R 1745/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid a seastar leis le diúltú an fhreasúra agus a ordaítear don pháirtí freasúrach/achomharcóir costais na n-imeachtaí freasúra agus achomhairc a íoc;

— a ordú do EUIPO costais Gürok Turizm ve Madencilik Anonim Sirketi a íoc;

— a ordú do Gábor Darvas agus Dorina Pap costais Gürok Turizm ve Madencilik Anonim Sirketi íoc

**Saincheisteanna dlí**

— Sárú ar Airteagal 94 de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 3 Lúnasa 2022 – Panicongelados-Massas Congeladas v EUIPO – Seder (panidor)**

**(Cás T-480/22)**

(2022/C 359/115)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Panicongelados-Massas Congeladas, SA (Leiria, an Phortaingéil) (ionadaí: I. Monteiro Alves, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Seder Establishment ltd. (Mriehel Birkirkara, Málta)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh “panidor” – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 214 675

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón dara bord achomharc de EUIPO an 11 Bealtaine 2022 in gCás R 1946/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú;

— an t-iarratas ar trádmharc a tharchur chuig EUIPO ionas go rachfar ar aghaidh le clárú; agus

— a ordú do EUIPO na costais go léir a íoc, lena n-áirítear costais na n-imeachtaí os comhair an bhoird achomhairc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 5 Lúnasa 2022 – Thomas Henry v EUIPO (MATE MATE)**

**(Cás T-482/22)**

(2022/C 359/116)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Thomas Henry GmbH (Beirlín, an Ghearmáin) (ionadaithe: O. Spieker, D. Mienert agus J. Si-Ha Selbmann, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "MATE" – Iarratas Uimh. 18 091 934

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 12 Bealtaine 2022 i gCás R 406/2021-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an Cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(c) i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 7(1)(g) i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---